



## Polasaithe rollúcháin scoileanna

### Aighneacht na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta Deireadh Fómhair 2011

#### Réamhrá

Is i gcomhthéacs Alt 31 (1) (ii) den Acht Oideachais atá an aighneacht seo á cur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta agus faoi bhráid oifigí na Roinne sin.

De réir an ailt sin-

*Bunóidh an tAire comhlacht daoine-*

*(ii) chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta.*

Tá aird á thabhairt freisin ar RÁITEAS AN RIALTAIS I LEITH NA GAEILGE 2006 ina ndearbhaítear:

- Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltáí arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na h-iarbhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.

#### Plépháipéar na Roinne Oideachais agus Scileanna Meitheamh 2011

I gcás scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, cúis imní é go moltar sa plépháipéar gur cheart neamhaird a dhéanamh ar chumas tuismitheora i dteanga faoi leith. Moltar, ina áit sin, gur cheart coinníoll rollúcháin a dhéanamh as meas an tuismitheora ar pholasáí teanga na scoile.

- (i) Bíonn meas ag gach tuismitheoir a sheolann páiste go scoil lán-Ghaeilge ar pholasáí teanga na scoile ach is mionlach beag iad na tuismitheoirí a thógann a gclann le Gaeilge. **Is ceart go mbeadh tús áite ag páistí atá á dtógáil le Gaeilge maidir le rollúchán i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.** Moltar go dtiocfadh na páistí seo chun tosaigh in ord ar bith tosaíochta ina mbeadh deartháireacha, deirfúiracha, páistí mhúinteoirí na scoile, páistí iarscolairí nó páistí a chónaíonn gar don scoil.

- (ii) Maidir le cumas nó scileanna pháistí, aontaítear nár cheart measúnú a dhéanamh ar pháistí maidir lena gcumas acadúil ach ní ceart go mbainfeadh sé seo le cumas teanga an pháiste. Mar atá thuas, **is ceart cumas Gaeilge an pháiste, sa chás gur páiste atá á thógáil le Gaeilge atá i gceist**, a bheith mar chritéir inghlactha i bpolasaithe rollúcháin scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
- (iii) Maidir leis an iarbhunscolaíocht, moltar **go mbeadh tús áite maidir le rollúchán ag páistí a d'fhreastail ar bhunscoil lán-Ghaeilge sna hiarbhunscóileanna lán-Ghaeilge**. Ní ceart go mbeadh páistí nár fhreastail ar scoil lán-Ghaeilge chun tosaigh i bpolasaí rollúcháin iarbhunscóile ar pháistí a d'fhreastail ar scoileanna Béarla nó páistí iarscoláirí nó múinteoirí na scoile.

**Muireann Ní Mhóráin  
Príomhfheidhmeannach  
28 Deireadh Fómhair 2011**